AN TSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

# Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
**Plépháipéar**

Údair:
Joanne Banks, Emer Smyth agus Selina McCoy
An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
Cearnóg Whitaker Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2
Guthán: (01) 863 2000 Facs: (01) 863 2100

## Réamhrá

Ullmhaíodh an plépháipéar seo faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar oideachas scoile na sraithe sinsearaí in Éirinn. Is é cuspóir an pháipéir seo taighde agus sonraí atá ar fáil faoi láthair faoin ATF a thabhairt le chéile in aon áit amháin agus aird a tharraingt ar a bhfuil le foghlaim ó thaobh beartais de sna staidéir sin. Tá an páipéar seo roinnte ina thrí chuid. Sa chéad chuid, tugtar léargas achomair ar an ATF i gcomhthéacs taighde idirnáisiúnta ar rianú agus idirdhealú curaclaim. Sa dara cuid, déantar anailís ar shonraí a bailíodh le déanaí faoi sholáthar agus roghnú an ATF. Baineadh úsáid as staitisticí ón Roinn Oideachais agus Scileanna chuige sin. Ar deireadh, rinneadh scrúdú ar thaighde agus ar dhíospóireachtaí reatha faoi ról agus feidhm an ATF in oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn. Dírítear go príomha ar cheachtanna beartais ó réimse taighde eimpíreach a rinneadh ar an gclár ATF faoi na téamaí a leanas:

- An chinnteoireacht a bhaineann leis an ATF a sholáthar i scoil
- Conair an scoláire a dhéanann an ATF
- Taithí an scoláire ar an gclár
- Conas a éiríonn leis an scoláire a dhéanann an ATF tar éis na scoile i gcomparáid le scoláirí Ardteistiméireachta eile
- Ról agus feidhm an ATF laistigh de sholáthar níos leithe na sraithe sinsearaí

Ag deireadh an pháipéir déantar plé ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ATF anois agus amach anseo.

## Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí

Clár réamhghairme thar dhá bhliain atá san Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) a chuirtear ar fáil sa tsraith shinsearach taobh leis an Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) agus le Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Tugadh an ATF isteach in 1995 den chéad uair, mar rogha eile ar na cláir a bhí ar fáil sa tsraith shinsearach agus é mar phríomhaidhm an scoláire a ullmhú i gcomhair shaol an duine fhásta agus i gcomhair shaol na hoibre, an breisoideachas san áireamh (ROS, 2001). Rinne, Richard Bruton, an tAire Oideachais agus Scileanna, cur síos le déanaí ar an ATF mar chlár a ceapadh don scoláire nach bhfuil ag iarraidh dul díreach isteach san ardoideachas, nó don scoláire nach ndéanann ceachtar den dá chlár Ardteistiméireachta eile freastal mar is ceart ar a riachtanais, inniúlachtaí nó stíl foghlama (Díospóireacht i nDáil Éireann, 2017). Tá trí phríomhghné sa chlár ATF: ullmhú gairme (treoir, taithí oibre, fiontar, Béarla agus cumarsáid san áireamh); gairmoideachas (speisialtóireachtaí gairme, matamaitic, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide san áireamh); agus oideachas ginearálta (oideachas ealaíon, oideachas sóisialta, áineas agus caitheamh aimsire, teangacha Eorpacha san áireamh) (ROS, 2000). Baineann gnéithe eile an chláir le cumas an rannpháirtí a fhorbairt i dtaca le féinmheasúnú agus machnamh a dhéanamh, chomh maith le húsáid modheolaíochtaí teagaisc leithne agus foghlaim scoláire-bhunaithe a chur chun cinn (ROS, 2000). Déanann an scoláire foghlaim ar bhonn modúlach agus in áit gráid a fháil do na hábhair éagsúla faigheann an scoláire aon ghrád amháin (pas, tuillteanas nó gradam) bunaithe ar na creidmheasanna a saothraíodh thar thréimhse dhá bhliain. Tá an córas grádaithe sin ar cheann de na príomhdhifríochtaí idir an ATF agus cláir eile na hArdteistiméireachta. Tá an cháilíocht difriúil leis an ATB agus an GCAT sa chaoi is nach dtagann sí faoi chóras pointí na Lár-Oifige Iontrála agus mar sin ní féidir leis an scoláire í a úsáid chun dul díreach isteach sa chóras tríú leibhéal (Banks, Byrne, McCoy, & Smyth, 2010).

## Taighde idirnáisiúnta ar rianú agus idirdhealú curaclaim

Sa chomhthéacs idirnáisiúnta, d'fhéadfaí a rá gur rianú nó idirdhealú curaclaim de chineál éigin atá san ATF (Becker, 1975; Iannelli & Raffe, 2007; Oakes, 2000; Raffe, 2003; Shavit & Muller, 2000).

Tosaíonn an duine óg ar rian ar leith ag aois áirithe a bhraitheann ar an tír ina bhfuil an duine sin. Sa Ghearmáin agus san Ísiltír, tosaíonn an duine óg ar rian ar leith ag aois cuibheasach óg, tar éis na bunscoile go minic, ach sa Fhrainc agus san Iodáil d'fhéadfadh an próiseas sin tarlú tar éis na gcéad bhlianta ar an meánscoil (Brunello, Gianniniy, & Arigaz, 2003). In go leor tíortha, áfach, is sa tsraith shinsearach a tharlaíonn an t-idirdhealú idir cláir acadúla agus cláir ghairme. Ag an bpointe sin tugtar rogha don scoláire idir rian gairme nó rian réamhghairme, a mbeidh printíseacht nó gairm ar leith mar thoradh air, agus rian a mbeidh iontráil ollscoile mar thoradh air. San Ostair agus sa Ghearmáin, mar shampla, bíonn naisc láidre idir rianta gairme agus fostóirí agus forbraíonn an scoláire sainscileanna gairme. Sna tíortha sin tá an gairmoideachas bunaithe ar chóras dé-oideachais ina bhfaigheann an scoláire cuid dá oideachas agus oiliúint i ngairmscoil agus cuid eile i gcomhlacht nó i ngnólacht (Koudahl, 2010). I dtíortha eile, ar nós Shasana agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, is iondúil go mbíonn an gairmoideachas bunaithe sa scoil, áit a bhfoghlaimíonn an scoláire scileanna níos ginearálta don ionad oibre chomh maith le meascán d'oideachas acadúil agus gairmoideachas. Mheasfaí gur sa chatagóir seo a bheadh clár an ATF, catagóir ina leagtar béim ar ghairmscileanna ginearálta níos mó ná ar shainscileanna gairme ar leith (Iannelli & Raffe, 2007).

Bíonn díospóireachtaí socheolaíocha lárnach sa taighde oideachais i gcónaí faoi an ndéantar na difríochtaí idir na haicmí sóisialta a laghdú trí churaclaim idirdhealaithe a thairiscint nó an dtreisíonn rianta malartacha an éagothroime reatha (Iannelli, 2013; Iannelli, Smyth, & Klein, 2016; Noddings, 2011; Reay, 2011). Go minic is ar dhá theoiric iomaíocha a bhíonn an litríocht thraidisiúnta faoi rianú ag tarraingt: teoiric an chaipitil dhaonna agus teoiric na hathghiniúna sóisialta. Faoi theoiric an chaipitil dhaonna, breathnaítear ar rianta malartacha, amhail an ATF, mar líontán

sábhála don scoláire a d'fhéadfadh an scoil a fhágáil mura raibh an clár ar fáil (Becker, 1975). Chomh maith le cosaint a thabhairt ar fhágáil na scoile, is minic a cheaptar go laghdaíonn rianta gairme riosca dífhostaíochta an scoláire faoi mhíbhuntáiste trí ghairmeacha áirithe nó scileanna indíolta a thabhairt dó (Arum & Shavitt, 1995; Iannelli, 2013). Ar an taobh eile de, de réir theoiric na hathghiniúna sóisialta is struchtúir shóisialta í conair an scoláire agus d'fhéadfaí an scoláire ó chúlra an lucht oibre a threorú i dtreo rian gairme agus i dtreo róil níos sóisearaí, agus d'fhéadfaí srian a chur lena dheiseanna oideachasúla dá réir sin (Iannelli & Raffe, 2007; Shavit & Muller, 2000). Dar le roinnt daoine is 'iarmhairtí neamhbheartaithe' atá i gceist mar cé go bhfuil sé mar aidhm ag cláir ghairme cabhrú le daoine óga faoi mhíbhuntáiste, i ndáiríre d'fhéadfadh siad cur leis an eisiamh agus srian a chur leis na deiseanna a chuirtear ar fáil dóibh sa saol. Dar le Nodding (2011) is córas oideachais níos daonlathaí é an córas oideachais a thugann rogha don scoláire idir rian acadúil agus rian gairme mar go dtugtar an deis don scoláire cúrsaí a roghnú ina bhfuil spéis aige seachas cúrsaí a dhéanamh atá ceaptha mar ullmhú ar iontráil ollscoile, cúrsaí a bhfuil baol ann go dteipfeadh air iontu. Mar fhreagra air sin, áfach, deir Reay (2011) go bhfuil níos mó seans ann go mbaineann an rogha faoi rian gairme a dhéanamh le próiseas atá struchtúrtha ag an tsochaí níos mó ná le 'claonadh nádúrtha' nó gníomhaíocht indibhidiúil an scoláire féin. Dar léi, chomh fada a bhaineann stiogma, steiréitíopáil agus díluach※áil le rianta gairme, is é an scoláire ó chúlra an lucht oibre a thabharfaidh faoin rian gairme (Reay, 2011). Níl an meas céanna ar chláir ghairme agus atá ar chláir acadúla (Oakes, 2000) de réir an taighde inar cuireadh an ATF i gcomparáid le cláir eile na sraithe sinsearaí (Banks et al., 2010).

## An cúlra a bhí ann nuair a tugadh isteach an ATF

I gcomparáid le tíortha eile tháinig forbairt ar an ngairmoideachas sách deireanach in Éirinn. Ar cheann de na cúiseanna leis an bhforbairt dheireanach sin tá tionsclú deireanach, stádas íseal na n-oibrithe láimhe agus ról na heaglaise in oideachas acadúil a chur ar fáil sna scoileanna (Coolahan, 1981). Go dtí na 1960idí, ba chóras oideachais déphháirteach a bhí ann. Bhí gairmoideachas ar fáil sna gairmscoileanna agus bhí oideachas

ginearálta ar fáil sna meánscoileanna. Sna gairmscoileanna sin cuireadh 'oideachas leanúna' ar fáil thar dhá bhliain agus é mar aidhm an duine óg a ullmhú don mhargadh saothair. Rinne an scoláire an Teastas Grúpa ag deireadh an dá bhliain ach níor chuir na scoileanna seo na cáilíochtaí níos acadúla, an Mheánteistiméireacht ná an Ardteistiméireacht, ar fáil. Déanann Coolahan (1981) cur síos ar an dearcadh sóisialta in Éirinn. In ainneoin go raibh an t-oideachas malartach seo ar fáil, bhí i bhfad níos mó measa ar an oideachas acadúil lenar bhain níos mó deiseanna breisoideachais agus seans níos mó ar fhostaíocht bhóna bán a fháil (Coolahan, 1981, lch 103). Ar an gcaoi chéanna, áitíonn Hannan agus Boyle (1987) go raibh stádas níos ísle ag na gairmscoileanna sa tsochaí agus gur mhó an seans go mbeadh scoláirí ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos ísle ag freastal orthu (Hannan & Boyle, 1987).

I ndiaidh fhoilsiú Investment in Education (1966) bunaíodh scoileanna cuimsitheacha chun iarracht a dhéanamh an bhearna idir gairmscoileanna agus meánscoileanna a dhúnadh. Bunaíodh na scoileanna sin chun curaclam leathan a chur ar fáil a bheadh i gcomhréir le hinniúlachtaí an scoláire (Coolahan, 1981, lch 193). Tháinig borradh eile faoin ngairmoideachas sna 1970idí nuair a tugadh isteach cláir ghairmullmhúcháin agus ghairmoiliúna sna gairmscoileanna agus sna pobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha. Rinneadh iarracht sna cláir sin dul i ngleic le ráta ard dífhostaíochta i measc daoine óga trí aird a dhíriú ar an scoláire nach raibh ag iarraidh an Ardteistiméireacht Bhunaithe a dhéanamh. Cosúil le clár an ATF, díríodh na cláir ghairmullmhúcháin agus ghairmoiliúna seo ar litearthacht agus uimhearthacht chomh maith le gairmscileanna agus taithí oibre agus tugadh bonn gairme don scoláire. I gcomhréir le taighde faoi rianú agus idirdhealú curaclaim, áfach, ba dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste a rinne na cláir seo den chuid is mó (Williams & O'Shea, 1981). Ina ainneoin sin agus in ainneoin tionscnaimh eile[1], faoi thús na 1990idí bhí aitheantas ag fás faoin ngá le gairmoideachas a chur ar fáil faoi scáth na hArdteistiméireachta (Lievens, 2006). Tar éis sraith páipéar agus tuarascálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta (Rialtas na hÉireann, 1992; CNCM, 1990; OECD, 1991); tugadh isteach an


[1] Ar nós Spiral I, Spiral II agus an Teastais Shinsearaigh.

ATF in 1995 ach sular tháinig an clár isteach fiú bhíothas imníoch faoina stádas i scoileanna san am a bhí le teacht (Coolahan, 1994).

## Soláthar ATF le himeacht aimsire

Déanann gach scoil an cinneadh faoin ATF a chur ar fáil nó gan í a chur ar fáil. Níl aon oibleagáid ar an scoil í a chur ar fáil. Go minic déanann an scoil an cinneadh bunaithe ar na scoláirí atá sa scoil agus is í an scoil atá freagrach as an gcaoi a bhfaigheann scoláire áit ar an gcúrsa. Spreagann an Roinn Oideachais agus Scileanna scoileanna DEIS, ag a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste, go háirithe leis an gclár ATF a chur ar fáil (ROS, 2009). Tá an borradh faoi sholáthar ATF le himeacht aimsire le feiceáil i bhFíor 1. Tá céatadán na scoileanna a chuireann an clár ar fáil méadaithe ó 15% in 1997 go 40% in 2007, le titim bheag go 38% in 2014 a méadaíodh arís go 40% faoi 2016.

***Fíor 1: Sciar na scoileanna a chuireann an ATF ar fáil le himeacht aimsire***





Foinse: Tuarascálacha Staitistiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, blianta éagsúla; bunachar sonraí Staitistiúla na Roinne

Tá roinnt athruithe le feiceáil le himeacht aimsire i soláthar an ATF de réir earnáil scoile. I bhFíor 2 is léir gur sna pobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha atá an soláthar ATF is airde i gcónaí; mar sin féin tá laghdú suntasach le feiceáil san earnáil sin le roinnt blianta. Sa bhliain 1997 ní raibh an ATF ar fáil ach i 38% de na scoileanna seo agus tháinig an

méadú is mó air sin go 76% in 2009 agus 2010. Mar sin féin, tá sciar na bpobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha ina gcuirtear an ATF ar fáil laghdaithe go 63% in 2012, le méadú beag go 66% in 2016. Is sna meánscoileanna deonacha is lú seans a bheidh an ATF ar fáil, cé gur tháinig méadú de réir a chéile ar sholáthar an chláir sna scoileanna sin idir 1997 agus 2011 ó 9% go 31%. Tháinig laghdú beag air ó shin agus faoi láthair cuirtear an ATF ar fáil i 28% de na meánscoileanna. Tá méadú tagtha ar sholáthar an ATF in earnáil na ngairmscoileanna ó 19% in 1997 go 49% de na scoileanna sin sa lá atá inniu ann.

***Fíor 2: Soláthar ATF de réir na hearnála scoile le himeacht aimsire***





Foinse: Tuarascálacha Staitistiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, blianta éagsúla; bunachar sonraí Staitistiúla na Roinne

Tugtar le fios leis na patrúin a bhaineann leis an laghdú ar sholáthar ATF go bhfuil nasc idir an laghdú sin agus an cúlú eacnamaíoch a thosaigh in 2008. D'fhéadfadh sé gur imir ciorruithe buiséadacha i scoileanna agus srianta ar earcú foirne go háirithe tionchar diúltach ar sholáthar clár ar nós an ATF. Tá sé níos deacra difríochtaí idir na rátaí soláthair sna hearnálacha scoile éagsúla a thuiscint, áfach, go háirithe an titim ar sholáthar ATF i bpobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha.

## Glacadh leis an ATF

Is léir ó Fhíor 3 go ndéanann formhór na scoláirí sa tsraith shinsearach an ATB cé gur tháinig titim ar an líon sin i gcomhréir le níos mó rannpháirtíochta sa GCAT agus, go pointe, san ATF. Bhí 84% de scoláirí na sraithe sinsearaí in 1997 ag tabhairt faoin ATB. Tháinig laghdú ar an líon sin go 59% faoi 2010 agus faoi láthair tá 67% ag tabhairt faoi. Rinne 2.9% de na scoláirí ar chlár na hArdteistiméireachta an ATF in 1997, agus tháinig an méadú is mó ar an gcéatadán sin go 7.3% in 2004, le titim ina dhiaidh sin go 5% in 2016 agus 2017. In ainneoin na titime sin, tá líon suntasach daoine óga, beagnach 6,000 in 2017, ag tabhairt faoin gclár ATF. Tháinig méadú suntasach ar líon na scoláirí Ardteistiméireachta a bhí ag déanamh an GCAT idir 1997 agus 2010, ó 14% go 39%. Tá titim tagtha ar líon na rannpháirtithe le roinnt blianta anois go 28% de na scoláirí. Laistigh den chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur fhan rannpháirtíocht sa chlár ATF seasta cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na scoláirí a fhanann ar scoil. Tá méadú tagtha ar rátaí críochnaithe scoile ó 83.6% in 1998 go 90.6% in 2008 (ROS, 2015). Agus níos mó daoine óga ag fanacht ar scoil, go háirithe daoine óga faoi mhíbhuntáiste a bhfuil níos mó baol ann nach n-éireoidh go maith leo ar scoil, (Byrne & Smyth, 2010) is díol suntais é nár tháinig éileamh níos mó ar an ATF le linn na tréimhse seo.


***Fíor 3: Rannpháirtíocht i mbliain 1 agus 2 den ATF, ATB, GCAT***




Foinse: Tuarascálacha Staitistiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, blianta éagsúla; bunachar sonraí Staitistiúla na Roinne

Tá sciar na scoláirí a dhéanann an ATF as iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta le feiceáil i bhFíor 4. Is ionann scoláirí ATF agus thart ar 5% d'iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta. Baineadh an bhuaic 7% amach i lár na 2000idí. Tháinig laghdú beag ina dhiaidh sin sular baineadh ráta seasta amach.


***Fíor 4: Sciar a dhéanann an ATF as iarrthóirí scrúduithe na hArdteistiméireachta***




Foinse: Tuarascálacha Staitistiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, blianta éagsúla; bunachar sonraí Staitistiúla na Roinne

Tá soláthar an ATF agus cláir éagsúla eile Ardteistiméireachta de réir na n-earnálacha scoile le feiceáil i bhFíor 5. Téann níos mó ná 40% dóibh siúd a dhéanann an ATF chuig gairmscoileanna agus téann 31% chuig meánscoileanna. Téann 23% chuig pobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha agus tá titim bheag tagtha ar an sciar sin le himeacht aimsire. Is i meánscoileanna atá formhór na scoláirí a ghlacann páirt san ATB (téann 62% chuig na scoileanna sin).

*Fíor 5: Dáileadh scoláirí de réir cláir agus earnáil scoile*




Foinse: Tuarascálacha Staitistiúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, blianta éagsúla; bunachar sonraí Staitistiúla na Roinne

## Taighde atá ar Fáil faoin ATF

Rinneadh staidéir mhionscála agus mhórscála ar an ATF le fiche bliain anuas. Tá go leor foilsithe ag Gleeson (Gleeson, 2000, 2002; Gleeson & Granville, 1996; Gleeson, O'Driscoll, & A., 2003; Gleeson & O'Flaherty, 2013) faoin ATF agus béim ar leith ar ghnéithe beartais an chúrsa réamhghairme. Rinneadh roinnt tráchtas ar an ábhar seo chomh maith, ina gcuirtear staidéir spéisiúla ar mhionscála ar fáil (Lievens, 2006; Lynch, 2003.). Sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an CNCM staidéar modhanna measctha cuimsitheach ar an ATF inar baineadh úsáid as sonraí ar an leibhéal náisiúnta agus as agallaimh cháilíochtúla le scoláirí a ghlac páirt sa chlár ATF. Agus scála agus doimhneacht an staidéir seo san áireamh, baineadh úsáid mhór as sa léargas seo ar an taighde atá ar fáil. Níos déanaí, déantar tagairt don ATF i dtaighde a bhaineann le scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (Mc Guckin, Shevlin, Bell, & Devecchi, 2013; Squires, Kalambouka, & Bragg, 2016). Léiríonn na staidéir seo an t-athrú atá tagtha ar phróifíl an scoláire iar-bhunscoile mar gheall ar mhéadú ar chomh fairsing is atá riachtanais speisialta oideachais, a bhfuil daonra scoláirí níos éagsúla mar thoradh air ná mar a bhí ann roimhe seo. Déantar tagairt don ATF i roinnt staidéir eile ina ndírítear ar scoláirí a fhágann an scoil go

luath agus ar oideachas níos déanaí amhail an clár Youthreach (Byrne & Smyth, 2010). Tionchar an chúlaithe eacnamaíoch ar fhágálaithe scoile a bhí mar ábhar ag roinnt staidéir taighde le roinnt blianta anuas. Sna staidéir sin, leagadh béim ar dhrochthorthaí iarscoile na scoláirí a rinne an ATF, go háirithe, an riosca dífhostaíochta níos mó a bhí acu i gcomparáid le fágálaithe scoile eile (Gleeson & O'Flaherty, 2013; McCoy, Smyth, Watson, & Darmody, 2014).

Díríodh in go leor de na staidéir sin ar réimse gnéithe a bhaineann leis an ATF ó bheartas go taithí an scoláire. Dírítear ar dhearcadh na scoile agus na múinteoirí i gcuid acu (Gleeson, 2002; Gleeson & Granville, 1996; Gleeson et al., 2003; Lievens, 2006; Lynch, 2003) agus ar an scoláire i gcuid eile, go háirithe an chonair go dtí an clár, an taithí ar an gclár agus torthaí an chláir (Banks et al., 2010; O'Connell, McCoy, & Clancy, 2006; Squires et al., 2016). Sa chuid seo tugtar léargas ar an taighde atá ar fáil faoi láthair faoi cheannteidil éagsúla, ina measc: an chinnteoireacht a bhaineann leis an ATF a sholáthar i scoil; conair an scoláire a dhéanann an ATF; taithí scoláirí a rinne an cúrsa; torthaí iarscoile i gcomparáid le fágálaithe eile na hArdteistiméireachta; agus ról agus feidhm an ATF laistigh de sholáthar níos leithne na sraithe sinsearaí. Tá fócas ar leith ar na ceachtanna beartais is féidir a fhoghlaim ó na staidéir eimpíreacha seo.

### An chinnteoireacht a bhaineann leis an ATF a sholáthar i scoil

De réir an taighde braitheann rannpháirtíocht ar an ATF leis an gcineál scoile ar a bhfuil an scoláire ag freastal. De réir Banks et al. (2010) is cosúil go mbraitheann soláthar ATF ar chomh hoiriúnach is a mheastar go bhfuil an clár do na scoláirí atá ag freastal ar an scoil. De réir na dtorthaí a fuair siad athraíonn soláthar de réir na hearnála scoile. Cuireann formhór (70%) de phobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha an clár ar fáil i gcomparáid le 40% de ghairmscoileanna agus níos lú ná 30% de mheánscoileanna. De bhreis ar an earnáil scoile, is mó seans go gcuirfear an ATF ar fáil i scoileanna DEIS, scoileanna níos mó agus scoileanna Béarla. Déanann 23% de na scoláirí an clár ar an meán in aon scoil; ach tá éagsúlacht mhór ann de réir ghnéithe na scoile. De ghnáth, is scoileanna DEIS, gairmscoileanna agus scoileanna i mBaile Átha Cliath, iad na scoileanna

ardghlactha (scoileanna ina bhfuil 26% nó níos mó de chohórt na sraithe sinsearaí ag tabhairt faoin gclár).

### Conair an scoláire a dhéanann an ATF

D'úsáid Banks et al. (2010) tíopeolaíocht de ghnéithe an scoláire le fáil amach go bhfuil an scoláire ATF cuibheasach difriúil leis an scoláire ATB agus an scoláire GCAT sula mbaineann sé an tsraith shinsearach amach (lch 146). Is cosúil go dtarlaíonn an t-idirdhealú sin idir scoláirí le linn na sraithe sóisearaí agus bíonn scoláirí ina measc a bhfuil seans níos mó ann go ndéarfaidís gur mhaith leo an scoil a fhágáil, ar scoláirí iad nach mbeadh spriocanna gairme chomh huaillmhianach acu. I measc na gconairí chun an ATF a dhéanamh a d'aithin Banks et al. (2010) tá: an scoláire a mbíonn deacrachtaí aige le hobair scoile sa tsraith shóisearach, an scoláire a mbíonn deacrachtaí iompair aige sa tsraith shóisearach, an scoláire a mbíonn riachtanais speisialta oideachais aige, an scoláire a mheasann gur threoraigh an scoil i dtreo an chláir é ach nach bhfeileann sé dó, agus an scoláire ar mian leis an scoil a fhágáil agus dul ag obair. Téann an scoláire i mbun an ATF ar chúiseanna éagsúla, ina measc: teastaíonn uaidh ábhair níos praiticiúla a dhéanamh, braitheann sé nach bhfuil sé 'in ann' an ATB a dhéanamh, agus tagann sé faoi thionchar daoine eile, a mhúinteoirí agus a chairde ina measc. Ar ndóigh, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná aon chúis amháin le cinneadh an scoláire an ATF a dhéanamh. Leagtar béim ar ról an ATF chun scoláirí a choinneáil ar scoil i dtaighde a rinneadh le gairid ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. De réir agallaimh cháilíochtúla a rinneadh le daoine óga agus lena múinteoirí d'fhéadfadh an ATF deis a thabhairt an scoil a fhágáil le cáilíocht in áit an scoil a fhágáil luath (Squires et al., 2016).

### Taithí an scoláire ar an gclár agus ar an gcuraclam ATF

De réir Banks et al. (2010) bhí taithí mhaith ag scoláirí a rinne an ATF ar an iomlán. Go háirithe, bhí scoláirí tógtha le húsáid modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama níos gníomhaí san ATF i gcomparáid le cláir eile na sraithe shinsearaí. Mar gheall go raibh níos lú scoláirí sa rang agus níos mó aird aonair ó mhúinteoirí bhí deis níos mó ann obair ghrúpa agus obair thionscadail a dhéanamh. Breathnaíodh go dearfach ar struchtúr

modúlach an ATF chomh maith mar gur éascaigh sé an deis aiseolas ar dhul chun cinn le linn na bliana a fháil, rud a mhaolaigh an strus a bhain leis an scrúdú deireanach. Bhí scoláirí dearfach faoin taithí oibre. Tá idirdhealú láidir de réir inscne ann, áfach, maidir leis an gcineál socrúchán oibre a chuirtear ar fáil do scoláirí baineanna agus scoláirí fireanna ATF. Go háirithe, is léir ón taighde go mbraitear an iomarca ar an earnáil tógála do scoláirí fireanna ATF. Tá tábhacht leis seo de bharr thráthúlacht an staidéir seo, a rinneadh le linn borradh eacnamaíochta nach bhfacthas riamh roimhe seo in Éirinn agus roimh thitim thionscal na tógála agus an méadú a tháinig ar an dífhostaíocht go gasta le linn an chúlaithe eacnamaíoch ina dhiaidh sin. Déantar cur síos ar roinnt gnéithe diúltacha a bhain le taithí an scoláire ATF sa taighde chomh maith, mar shampla easpa rochtana ar roinnt ábhar agus nádúr inscneach na roghanna gairmábhar ar fáil. Bhí tuairimí éagsúla ag scoláirí faoin gcuraclam ATF. Bhraith roinnt acu go raibh níos mó féinmhuiníne agus teagmháil scoile níos fearr acu dá bharr. Bhraith scoláirí eile nach raibh na cúrsaí a cuireadh ar fáil dúshlánach a dhóthain. Leagadh béim ar ghnéithe dearfacha seo an chláir ATF i staidéir ar scála níos lú chomh maith. Sa taighde a rinne Lynch (2003) díríodh ar ról an ATF chun féinmhuinín, scileanna saoil, scileanna sa seomra ranga agus aibíocht an scoláire a fheabhsú.

Tá stiogma agus luach níos ísle ag baint leis an ngairmoideachas in Éirinn le fada an lá (Banks et al., 2010; Coolahan, 1994). De réir Banks et al. (2010) tugadh drochainmneacha ar scoláirí ATF, agus cuireadh lipéad orthu de bharr go raibh siad ar an gclár. Tá roinnt fianaise ann gur scaradh ranganna ATF amach ón bpríomhscoil go fisiciúil in amanna agus nár ligeadh dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag pobal uile na scoile.

### Torthaí an scoláire ATF i gcomparáid le scoláirí Ardteistiméireachta eile

Admhaítear sa litríocht gur féidir go dtógfadh sé níos faide ar roinnt scoláirí ATF, go háirithe scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dul ar aghaidh go breisoideachas nó ardoideachas, i gcomparáid le scoláirí eile Ardteistiméireachta (Mc Guckin et al., 2013). Den chuid is mó bíonn an deacracht seo ann mar gheall nach nglactar leis an ATF mar iontráil sa chóras ardoideachais agus níl aon rogha eile ag an ngrúpa

seo ach conairí malartacha a úsáid chun breisoideachas agus oiliúint a fháil. Rinne Banks et al. (2010) scrúdú ar thorthaí fágálaithe ATF ar an margadh saothair i gcomparáid le scoláirí Ardteistiméireachta eile agus scoláirí a fhágann an scoil go luath. Léiríonn na torthaí gur mó seans go mbeidh an fágálaí ATF ag obair agus gur lú seans go mbeidh sé fós sa chóras oideachais go lánaimseartha bliain tar éis dó an scoil a fhágáil i gcomparáid le fágálaithe scoile eile. Sa chás go leanann an fágálaí ATF ar aghaidh chuig breisoideachas léiríonn an taighde patrúin an-inscneach agus fir óga ag tabhairt faoi chláir oiliúna (printíseachtaí ina measc) agus mná óga ag tabhairt faoi chláir iar-Ardteistiméireachta (Banks et al., 2010). Tá tábhacht ag baint leis seo i bhfianaise nádúr luaineach na n-earnálacha seo, ar earnálacha iad is féidir dul suas agus síos go tobann. Léiríonn taighde níos déanaí a rinne McCoy et al. (2014) ar aistrithe iar-scoile go bhfuil treocht ar leith i ndán d'fhágálaithe ATF agus iad ag fágáil na scoile i gcomparáid leo siúd a dhéanann an ATB agus an GCAT mar go bhfuil níos mó seans ann go rachaidh siad ag obair ná go dtabharfaidh siad faoi chúrsa breisoideachais (McCoy et al., 2014). Rinne an staidéar cur síos ar thionchar diúltach an chúlaithe eacnamaíoch ar thorthaí fágálaithe ATF. De réir an taighde ba lú seans go mbainfeadh an grúpa seo a gcuid spriocanna amach agus ba mhó seans go mbeidís dífhostaithe tar éis an scoil a fhágáil i gcomparáid le fágálaithe ATB agus GCAT. Dar leis na húdair ba chosúil gur tháinig méadú díréireach ar leibhéal dífhostaíochta i measc fágálaithe ATF agus gur róspleáchas ar an earnáil tógála i gcás fágálaithe fireanna ATF ba chúis leis sin (McCoy et al., 2014, p. 36).

## An ATF laistigh de sholáthar níos leithne na sraithe sinsearaí: impleachtaí beartais

Tá tábhacht ag baint leis an taighde a rinneadh ar an gclár ATF le fiche bliain ó thaobh beartais de, ní hamháin don ATF ach don tsraith shinsearach go ginearálta. Ar cheann de na príomhcheisteanna beartais a tugadh chun solais sa litríocht ar a ndearnadh staidéar tá:

Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
**Plépháipéar**



## Ról na Sraithe Sóisearaí agus cinneadh á dhéanamh faoi thabhairt faoin ATF

De réir an taighde d'fhéadfadh drocheispéireas sa tsraith shóisearach tionchar a imirt ar an gcinneadh faoin ATF a dhéanamh. De réir Banks et al. (2010) d'fhéadfadh sé go mbeadh gá níos lú le clár idirdhealaithe sa tsraith shinsearach dá rachfaí i ngleic le linn na sraithe sóisearaí le saincheisteanna ar nós easpa spéise san oideachas, droch-chaidreamh le múinteoirí agus fadhbanna a bhaineann le bheith i sruth ranga níos ísle. D'fhéadfadh sé go mbeadh eispéiris foghlama níos fearr ag daoine óga de bharr athchóiriú na sraithe sóisearaí, agus go gcuirfí lena spéis san oideachas, ach bheadh an tionchar a bheadh leis ag brath ar a mhéad a bhainfí úsáid as modhanna teagaisc éagsúla agus ar chaidreamh níos fearr idir an múinteoir agus an scoláire.

## Athghiniúint shóisialta nó líontán sábhála

Léiríonn an taighde go gcuireann cláir imfhálaithe ar nós an ATF le heisiamh daoine óga faoi mhíbhuntáiste go minic, cé gur cláir iad a ceapadh chun cabhrú leo. De réir na dtorthaí tá sé ocht n-uaire níos dóchúla go mbeidh ardghlacadh ATF i scoileanna faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le scoileanna eile. Laistigh de na scoileanna féin, is dóchúla go dtiocfaidh an scoláire ATF ó chúlra lucht oibre, sruthanna ísle ranga agus is mó seans nach raibh eispéireas maith scoile aige sa tsraith shóisearach. Airíonn an scoláire go bhfuil sé eisithe agus scoite amach ó scoláirí Ardteistiméireachta eile agus is minic go mbíonn lucht an ATF scartha ón scoil. Tá rogha an scoláire teoranta mar nach mbíonn rochtain ar an tríú leibhéal aige agus go dtreoraítear é i dtreo earnálacha áirithe sa mhargadh saothair. Ag an am céanna, admhaíonn Banks et al. (2010) go mbeadh an scoil fágtha ag roinnt scoláirí gan an ATF, toradh a léiríonn gur líontán sábhála atá ann le haghaidh grúpaí áirithe.

## Solúbthacht idir cláir Ardteistiméireachta

Tá easpa solúbthachta an chórais oideachais in Éirinn, agus sa churaclam go háirithe, tugtha chun solais le fada sa taighde (Gleeson, 2000; Hannan, 1998). Dar le Gleeson (2000) sampla eile den dolúbthacht sin é nádúr imfhálaithe an ATF. Maíonn sé go gcuireann seo leis an easpa measa idir an ATF agus cláir eile Ardteistiméireachta agus go gcuireann sé srian le

rochtain an scoláire ATF ar an oideachas tríú leibhéal. De réir Banks et al. (2010) tá gá le níos mó solúbthachta idir cláir Ardteistiméireachta don scoláire a mbíonn athrú intinne aige agus a dteastaíonn uaidh aistriú ón ATF. Dóibh siúd ar mian leo fanacht san ATF, léiríonn na torthaí gur mhaith le roinnt scoláirí go mbeadh siad in ann roinnt ábhar ATB a dhéanamh de bhreis ar na modúil ATF. Thabharfadh 'foghlaim phearsanta' den chineál seo (Sebba, Brown, Steward, Galton, & James, 2007) deis chun solúbthacht níos mó idir cláir a sholáthar trí chineálacha éagsúla foghlama a mheascadh ar luas an scoláire féin. Tarraingíodh anuas é sin mar chúis imní ar leith don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige agus a bhféadfadh curaclam níos saincheaptha a bheith ag teastáil uaidh (O'Mara et al., 2012).

### Teagasc agus foghlaim an ATF

Bhain ceann de na torthaí is dearfaí ó Banks et al. (2010) leis na cineálacha teagaisc agus foghlama ar an ATF agus go háirithe a raibh le foghlaim ag cláir an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta uaidh. Bhí dearcadh dearfach ag scoláirí ATF ar ranganna níos lú, modhanna teagaisc gníomhacha, timpeallacht foghlama idirghníomhaí agus measúnú leanúnach le himeacht aimsire. Ba chosúil go raibh tionchar ag na cineálacha teagaisc agus foghlama seo ar thaithí roinnt de na scoláirí ar an scoil a fheabhsú agus ar mhuinín agus féinmheas níos fearr a chothú iontu. Chomh maith leis sin, ba chosúil gur bhain scoláirí tairbhe as an taithí oibre atá mar chuid den ATF trí léargas ar an saol oibre a thabhairt dóibh agus iad a chur i dteagmháil le daoine a d'fhéadfadh iad a fhostú amach anseo. Luann an staidéar na tairbhí ionchasacha a bhainfeadh leis na straitéisí teagaisc agus foghlama atá in úsáid san ATF a úsáid i gcláir eile an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta, ar cláir iad a bhfuil baint níos mó acu le hoideolaíocht oideasach nó theagascach faoi láthair (Gleeson, 2002). Go háirithe, ba chosúil go raibh tionchar dearfach ag na modhanna teagaisc agus foghlama gníomhacha ar baineadh úsáid astu san ATF, obair i ngrúpaí, measúnú leanúnach, turais allamuigh agus taithí oibre ina measc, ar scoláirí trí thaithí scoile níos fearr agus féinmhuinín fheabhsaithe a thabhairt dóibh, chomh maith le cabhrú leo gairm a roghnú (Banks et al., 2010).

# Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
**Plépháipéar**



## Achoimre

Is é cuspóir an phlépháipéir seo an taighde agus sonraí atá ar fáil faoi láthair faoin ATF a scrúdú i gcomhthéacs oideachas na sraithe sinsearaí agus na saincheisteanna beartais tábhachtacha a thabhairt chun solais a bhaineann leis an gclár faoi láthair agus amach anseo. Ar an gcéad dul síos rinneadh scrúdú ar shonraí ATF ón Roinn Oideachais agus Scileanna ó 1997 go 2016 agus é mar aidhm anailís a dhéanamh ar phatrúin soláthair agus glactha le himeacht aimsire. Tarraingíonn na torthaí sin roinnt saincheisteanna beartais tábhachtacha anuas:

### Soláthar ATF
Tá roinnt gnéithe nach mór aird a thabhairt orthu a bhaineann le soláthar ATF i scoileanna. Ar an gcéad dul síos, ó tugadh an clár isteach den chéad uair i lár na 1990idí tá méadú tagtha ar líon na scoileanna a chuireann an ATF ar fáil agus tá an ATF ar fáil i thart ar 40% de na scoileanna anois. Thosaigh titim ag teacht ar sholáthar sna blianta 2013 agus 2014; ach faoin mbliain 2015 bhí sé ag dul i méad arís. Tá éagsúlacht ann, mar sin féin, idir na hearnálacha scoile a chuireann an clár ar fáil, rud a chiallaíonn go bhfuil soláthar an chláir ag brath ar an scoil ar a bhfuil an scoláire ag freastal. Cé go bhfuil an ATF ar fáil níos coitianta i bpobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha, tháinig titim sna blianta 2012, 2013 agus 2014 le méadú beag arís le dhá bhliain anois. Tugann na patrúin sin le fios gur imir an cúlú eacnamaíoch agus srianta foirne nó gearradh siar i scoileanna tionchar ar sholáthar ATF le linn na tréimhse seo. Mar sin féin, ní mhíníonn sé méid na titime i bpobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha i gcomparáid le meánscoileanna agus gairmscoileanna nach raibh ach titim bheag iontu le linn na géarchéime. Tá gá le tuilleadh taighde faoin gcaoi a ndéanann scoileanna cinneadh faoin ATF a thabhairt isteach agus ar a mhéad agus a imríonn an cineál scoláire a fhreastalaíonn ar an scoil tionchar ar an bpróiseas seo.

### Glacadh ATF
Tá titim de shaghas éigin ar líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin ATF le seacht mbliana anois. I lár na 2000idí baineadh amach buaicphointe 7% de scoláirí na sraithe sinsearaí, ach ó shin tá céatadán na scoláirí atá ag

tabhairt faoin ATF ag leibhéal seasta 5%. Tá éagsúlacht rannpháirtíochta ann de réir an chineáil scoile atá i gceist, leis an rannpháirtíocht is airde sna gairmscoileanna (níos mó ná 40% de scoláirí ATF), sna meánscoileanna (31% de scoláirí ATF) agus pobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha (23%). Spéisiúil go leor, cé gur fhág níos lú scoláirí an scoil go luath le linn na tréimhse seo, tá líon na scoláirí atá ag glacadh páirte san ATF ag an leibhéal céanna. Ciallaíonn sin go bhfuil an scoláire a fuair torthaí níos ísle sa Teastas Sóisearach agus a d'fhéadfadh an ATF a dhéanamh ag déanamh an ATB nó an GCAT ina ionad. Níl aon taighde déanta, áfach, a léiríonn an bhfuil ag éirí go maith nó go dona leis an scoláire sin sna cláir sin.

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar thionchar an ATF ar thorthaí scoláirí trí shonraí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a úsáid chun rianú a dhéanamh ar phróifíl na ngrád sa tsraith shóisearach dóibh siúd a thugann faoin ATF agus a dtorthaí a chur i gcomparáid le scoláirí comhchosúla a thugann faoin ATB agus GCAT.

Sa dara cuid den phlépháipéar seo scrúdaítear réimse leathan cáipéisí taighde agus beartais faoin gclár ATF le himeacht aimsire. Tagann roinnt saincheisteanna tábhachtacha ón taighde seo chun cinn maidir leis an gclár ATF i gcomhthéacs oideachas na sraithe sinsearaí:

### Iontráil ar an ATF

Sa litríocht leagtar béim ar ról suntasach na sraithe sóisearaí ar chinneadh an scoláire an ATF a dhéanamh. Is mó seans go roghnóidh an scoláire an ATF má bhí drocheispéireas scoile aige go dtí sin. Caitheann na torthaí seo amhras ar a mhéad agus a dhéanann an scoláire rogha ghníomhach an ATF a dhéanamh nó an é an cineál agus próiseas scoile a imríonn tionchar ar an gcinneadh sin. Cé gur ceapadh an clár chun cabhrú le daoine óga trí rogha eile a thabhairt dóibh taobh amuigh de na rianta acadúla ar nós an ATB, is cosúil gurb é an scoláire sa sruth níos ísle nó nach raibh taithí mhaith aige sa tsraith shóisearach is mó a thabharfaidh faoin ATF.

## Próifíl an scoláire ATF ag athrú?

Léiríonn an taighde go bhfuil gá le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar ról an ATF chun freastal ar an scoláire a bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige. Ós rud é go bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos coitianta i scoileanna príomhshrutha bhraithfeá go mbeadh gá níos mó le cláir ar nós an ATF le déanaí; ní léir gur mar sin mar atá, áfach, ag breathnú ar an leibhéal rannpháirtíochta. Tá gá le faisnéis atá cothrom le dáta maidir le cé atá ag tabhairt faoin ATF, leordhóthanacht na n-acmhainní a chuirtear ar fáil agus oiriúnacht an churaclaim do na riachtanais atá acu. Ina theannta sin, ní dhéantar measúnú ar litriú, gramadach ná poncaíocht an scoláire ATF. Tá gá le tuilleadh taighde ar thionchar beartas den chineál sin ar rátaí litearthachta i measc fágálaithe ATF agus a mhéad atá na scileanna is gá acu le tabhairt faoin mbreisoideachas nó le dul ag obair.

## Ábhar na modúl agus an leibhéal dúshláin

De réir an taighde go dtí seo níor fhreagair ábhar mhodúil an ATF d'athruithe ar choinníollacha oibre an mhargaidh saothair. Níl sé soiléir conas a dhéantar cinneadh faoi ábhar na modúl ATF cé gur cosúil go bhfuil roinnt cosúlachtaí ann leis an ábhar a dhéantar sna modúil ar chláir iar-Ardteistiméireachta agus i bprintíseachtaí. Go háirithe, is léir ó na staidéir go bhfuil na modúil an-inscneach agus gairmábhair atá 'fireann' nó 'baineann' go traidisiúnta, amhail Cúram Páistí agus Tógáil, á ndéanamh. Tugtar le fios i roinnt staidéar chomh maith nach bhfuil dóthain dúshláin ag baint le roinnt modúl. D'fhéadfadh go mbeadh tábhacht leis sin i gcás na Matamaitice, ábhar a theastaíonn chun printíseacht a fháil. Ina theannta sin, bheadh níos lú fáil ar thaithí oibre agus ar phrintíseachtaí i dtionscal na tógála mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch agus titim na hearnála sin go háirithe. Ba cheart treochtaí gairme agus fostaíochta a chur san áireamh, agus leas a bhaint b'fhéidir as obair na bhFóram Scileanna Réigiúnach, agus modúil nua á gceapadh. D'fhéadfaí scileanna níos ginearálta an mhargaidh saothair a sholáthar don scoláire ATF, ar nós inniúlacht TFC, cinnteoireacht gairme, scileanna anailíse agus scileanna fiontraíochta; is scileanna iad nach bhfuil chomh speisialaithe agus nach dtiocfadh, dá bhrí sin, chomh mór sin faoi thionchar cúrsaí eacnamaíocha.

## Torthaí fágálaithe ATF

Tá sé ríshoiléir go bhfuil easpa faisnéise ann i dtaca le torthaí an scoláire a bhfuil an ATF déanta aige, go háirithe ó cuireadh deireadh le Suirbhé na bhFágálaithe Scoile in 2007. Fuarthas faisnéis ríthábhachtach sa suirbhé sin maidir le próifíl, taithí agus gnóthachtáil an duine óig san oideachas dara leibhéal, an duine óg níos leochailí ina measc ar nós an scoláire a fhágann an scoil go luath agus an scoláire a dhéanann an ATF. Fuarthas amach faoi thaithí an duine óig tar éis an scoil a fhágáil agus mar sin, d'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir scoláirí a raibh cláir dhifriúla Ardteistiméireachta déanta acu (Byrne, McCoy, & Watson, 2009). Cé go bhfuil gá le sonraí chun scrúdú a dhéanamh ar thorthaí fágálaithe ATF, is léir ón taighde gur fhulaing fágálaithe ATF níos mó le linn na géarchéime agus is mó seans go bhfuil siad dífhostaithe tar éis an scoil a fhágáil i gcomparáid le fágálaithe ATB agus GCAT. Chomh maith leis sin, is léir ón taighde gur cosúil nach bhfuil nasc láidir idir an ATF agus an margadh saothair agus níl aon fhaisnéis ar fáil maidir le leibhéal feasachta nó aitheantais an fhostóra faoin gclár nó cáilíocht.

## Cad atá i ndán don ATF?

Eascraíonn ceisteanna tábhachtacha ón taighde. An bhfuil gá le gairmchlár as féin nó arbh fhearr na modhanna a ghlactar san ATF a úsáid chun an scoláire a mhealladh ar ais san oideachas 'ginearálta'? Léiríonn an taighde go bhféadfadh nádúr imfhálaithe an ATF cur le míchothromaíochtaí sóisialta mar go n-airíonn scoláirí atá i mbun an chláir go bhfuil siad scoite amach agus eisiata sa scoil. Ina theannta sin, cé go mbíonn taithí dhearfach ag an scoláire agus é i mbun an chláir (ó thaobh teagaisc agus foghlama de), de ghnáth ní bhíonn torthaí rómhaith ag an scoláire tar éis dó an scoil a fhágáil agus is mó seans go bhfuil sé dífhostaithe. Dá mbeadh solúbthacht níos mó ar fáil in oideachas na sraithe sinsearaí d'fhéadfaí Ardteistiméireacht níos pearsantaithe a chur ar fáil don scoláire ina mbeadh rogha ábhar níos mó agus cineálacha éagsúla measúnaithe ann.

## Tagairtí

Arum, R., & Shavitt, Y. (1995). Secondary Vocational Education and the Transition from School to Work. Sociology of Education, 68, 187-204.

Banks, J., Byrne, D., McCoy, S., & Smyth, E. (2010). Engaging Young People? Student Experiences of the Leaving Certificate Applied ESRI Research Series 15. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Becker, G. (1975). Human Capital. Nua-Eabhrac: Columbia University Press.

Brunello, G., Gianniniy, M., & Arigaz, K. (2003). The Optimal Timing of School Tracking.

Byrne, D., McCoy, S., & Watson, D. (2009). School Leavers' Survey Report 2007. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Byrne, D., & Smyth, E. (2010). No Way Back? The Dynamics of Early School Leaving. Baile Átha Cliath: Liffey Press.

CNCM. (1990). Senior Cycle: Issues and Structures, A Consultative Paper. Baile Átha Cliath: CNCM.

Coolahan, J. (1981). Irish Education: History and Structure. Baile Átha Cliath: IPA.

Coolahan, J. (1994). Report on the National Education Convention. Baile Átha Cliath: An Rúnaíocht.

Díospóireacht i nDáil Éireann. (2017). Freagraí scríofa 360-379. Baile Átha Cliath.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). (1991). Review of National Policies for Ireland. Páras: An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD).

Gleeson, J. (2000). The Irish Leaving Certificate Applied: Trojan horse or contrived equilibrium. Agora 9.

Gleeson, J. (2002). Developments in the Irish education and training system: the case of the Leaving Certificate Applied. The European Journal, Vocational Training, 24, 80-94.

Gleeson, J., & Granville, G. (1996). The case of the leaving certificate applied. Irish Educational Studies, 15(1), 113-132.

Gleeson, J., O'Driscoll, S., & A., C. (2003). School culture and Curriculum Change: the case of the Leaving Certificate Applied. Irish Education Studies, 21(3), 21-44.

Gleeson, J., & O'Flaherty, J. (2013). School-based initial vocational education in the Republic of Ireland: the parity of esteem and fitness for purpose of the Leaving Certificate Applied. Journal of Vocational Education and Training, 65(4), 461-473.

Hannan, D. (1998). Trading Qualifications for Jobs. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Hannan, D., & Boyle, M. (1987). Schooling Decisions. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Iannelli, C. (2013). The role of the curriculum in social mobility. British Journal of Sociology of Education, 34(5-6), 907-928.

Iannelli, C., & Raffe, D. (2007). Vocational Upper Secondary Education and the Transition from School. European Sociological Review, 23(1), 49-63.

Iannelli, C., Smyth, E., & Klein, M. (2016). Curriculum differentiation and social inequality in higher education entry in Scotland and Ireland. British Educational Research Journal, 42(4), 561–581.

Koudahl, P. D. (2010). Vocational education and training: dual education and economic crises. Procedia - Social and Behavioral Sciences, 9, 1900-1905.

Lievens, M., Maria. (2006). The Implementation of the Leaving Certificate Applied Programme in a School: The Complexity of Curriculum Change. Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Lynch, J. (2003). The Leaving Certificate Applied Experience in Five Case Study Schools. Máistreacht san Oideachas, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Mc Guckin, C., Shevlin, M., Bell, S., & Devecchi, C. (2013). Moving to Further and Higher Education - An Exploration of the Experiences of Students with Special Educational Needs. Baile Átha Troim: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

McCoy, S., Smyth, E., Watson, D., & Darmody, M. (2014). Leaving School in Ireland: A Longitudinal Study of Post-School Transitions. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Noddings, N. (2011). Schooling for Democracy. Democracy & education, 19(1).

O'Connell, P., J., McCoy, S., & Clancy, D. (2006). Who went to College? Socio-Economic Inequality in Entry to Higher Education in the Republic of Ireland in 2004. Higher Education Quarterly, 60(4).

O'Mara, A., Akre, B., Munton, T., Marrero-Guillamon, I., Martin, A., Gibson, K., . . . Cooper, C. (2012). Curriculum and curriculum access issues for students with special educational needs in post-primary settings, An international review. Baile Átha Troim: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Oakes, J. (2000). Restructuring Schools for Equity, What We Have Learned in Two Decades.

Raffe, D. (2003). Pathways Linking Education and Work: A Review of Concepts, Research, and Policy Debates. Journal of Youth Studies, 6(1).

Reay, D. (2011). Schooling for Democracy: A Common School and a Common University? A Response to "Schooling for Democracy". Democracy & education, 19(1).

Rialtas na hÉireann. (1992). Education for a Changing World, Green Paper on Education. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

ROS. (2000). The LCA Programme Statement. Oifig an tSoláthair.

ROS. (2001). Leaving Certificate Applied, Programme Statement & Outline of Student Tasks. Baile Átha Cliath: ROS agus CNCM.

ROS. (2009). Circular 0021/2008 Leaving Certificate Applied (LCA) in 2008/09. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

ROS. (2015). RETENTION RATES OF PUPILS IN SECOND LEVEL SCHOOLS 2008 ENTRY COHORT. Baile Átha Cliath: ROS.

Sebba, J., Brown, N., Steward, S., Galton, M., & James, M. (2007). An Investigation of Personalised Learning Approaches Used by Schools. Nottingham: DfES Publications.

Shavit, Y., & Muller, W. (2000). Vocational Secondary Education: Where Diversion and Where Safety Net. European Societies, 2, 29-50.

Squires, G., Kalambouka, A., & Bragg, J. (2016). A Study of the Experiences of Post Primary Students with Special Educational Needs. Baile Átha Troim: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Williams, K., & O'Shea, J. (1981). General Studies in the PreEmployment Course: The Ballymun Experience. Irish Educational Studies, 1, 29